Measann an Bord go dtugtar léargas fíor agus cothrom i ráitis airgeadais an GBRÁ ar feidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an GBRÁ amhail an 31 Nollaig 2019 (Féach Aguisín 2).

Struchtúr an Bhoird

Tá Bord an GBRÁ comhdhéanta de 10 gcomhalta (ocht bPríomhfheidhmeannach údarás áitiúil arna n-ainmniú ag Comhairle an Bhoird agus dhá ainmní Aire). Suíonn na príomhfheidhmeannaigh sin arna n-ainmniú chun Bhord an GBRÁ ar Fheidhmeannacht an CBCC go comhuaineach. De ghnáth, maireann ceapacháin Aire tréimhse thrí bliana.

Leagtar amach sa tábla lastall mionsonraí ar cheapacháin na gcomhaltaí Boird agus ar na cruinnithe ar freastalaíodh orthu:

Dáta ceapacháin agus taifead freastail ar Chruinnithe Boird 2019

Comhalta	Post	Nótaí	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
An tUas. O. Keegan	PF Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Cathaoirleach – ó 11/17 Ainmnithe don Bhord 10/14	5	6
J. Maguire Uasal	PF Chomhairle Contae na Mí	Leas-Chathaoirleach – ó 11/17 Feidhmeannach CBCC 10/16	3	5
An tUas. P. Carey	PF Chomhairle Contae Chill Dara	Feidhmeannach CBCC 10/14	6	6
An tUas. T Lucey	PF Chomhairle Contae Chorcaí	PF Chorcaí, ceaptha 05/14	5	6
An tUas. S Neely	PF Chomhairle Contae Dhún na nGall	Feidhmeannach an CBCC 10/18	6	6
An tUas. P Hynes	PF Chomhairle Contae Mhaigh Eo	Feidhmeannach an CBCC 10/18	4	6
An tUas. M Walsh	PF Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	Feidhmeannach an CBCC 10/18	4	6
An tUas. J MacGrath	PF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	Feidhmeannach an CBCC 10/18	4	6
M O' Connell, Uasal	PF Chomhairle Contae Chiarraí	Feidhmeannach an CBCC 10/19	0	1
An tUas. P Lemass	Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Ainmnithe don Bhord 08/14. Éirithe as an mBord 5/19	1	1
An tUas. B Quinlan	Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Ainmnithe don Bhord 06/19	3	3
An tUasal S Neary	PF na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Ainmnithe don Bhord 06/19	2	3

Rinne an Bord Athbhreithniú inmheánach maidir le hÉifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird le linn 2019, a raibh ráta sásaimh 83% mar thoradh air.

Tá cúig choiste ag an mBord, agus gach ceann díobh faoi chathaoirleacht comhalta den Bhord, faoi mar a leanas:

An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus árachas gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Bhí cúig chruinníú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí sin:

Comhalta	Post	Freastalaíodh Orthu	Incháilite chun freastal orthu
An tUas. J MacGrath (Cathaoirleach)	PF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	5	5
An tUas. J Mulholland	PF Chomhairle Contae Laoise	2	3
An tUas. E O'Sullivan	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	2	2
An tUas. A Connolly	Oifigeach Neamhphoiblí	5	5
An tUas. J McKeon	Ceann Airgeadais (CA) Chomhairle Contae Longfoirt	4	5
An tUas. H. Cunningham	CA Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	4	5

An Coiste um Bainistiú Athruithe

Tá an Coiste um Bainistiú Athruithe comhdhéanta de 10 bpríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil, ainmní amháin de chuid na Roinne Tithóchta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus dhá cheann AD. Tá Cathaoirleach an Choiste um Bainistiú Athruithe ina chomhalta de Bhord an GBRÁ Cuidíonn an Coiste um Bainistiú Athruithe le Bord an GBRÁ maidir le cur i bhfeidhm straitéis um Chaidreamh Tionsclaíoch (CT) agus Acmhainní Daonna (AD) an GBRÁ agus ábhair ghaolmhara eile a rialú agus a mhaoirsí. Ina theannta sin, tacáonn an Coiste leis an mBord trí chomhairle a thabhairt maidir le hailíniú na straitéise le riachtanais ghnó an údaráis áitiúil atá ag teacht chun cinn.

Bhí sé chruinniú ag an gCoiste um Bainistiú Athruithe le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí sin:

Comhalta	Post	Freastalaíodh Orthu	Incháilithe chun freastal orthu
An tUas. S Neely (Cathaoirleach)	PF Chomhairle Contae Dhún na nGall	6	6
An tUas. P Carey (Leas-Chathaoirleach)	PF Chomhairle Contae Chill Dara	4	6
An tUas. D McLoughlin	PF Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	6	6
J Maguire, Uasal	PF Chomhairle Contae na Mí	2	6
An tUas. P Reid* A Farrelly, Uasal	PF Chomhairle Contae Fhine Gall	2 4	2 4
M Pyne, Uasal** An tUasal G Geraghty	Ceann AD/Gnótháí Corparáideacha, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	4 1	4 1
An tUas. J Walsh	Ceann AD Chomhairle Contae Chorcaí	0	6
An tUas. F Curran	PF Chomhairle Contae Liatroma	3	6
An tUas. T Enright	PF Chomhairle Contae Loch Garman	3	6
An tUas. F Curran	PF Chomhairle Contae Chill Mhantáin	3	6
An tUas E O'Sullivan	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	5	6
A. Doherty, Uasal	PF Chomhairle Cathrach Chorcaí	2	6
C Byrne, Uasal	PF Chomhairle Contae Chill Chainnigh	4	6
E Reeves, Uasal	OF na Roinne Tithóchta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	5	6

Tabhair do d'aire le do thoil:

*D'éirigh an tUasal P Reid as ar an 20 Márta 2019 agus tháinig A Farrelly, Uasal ina áit

**D'éirigh An tUasal Pyne as ar an 17 Iúil 2019 agus tháinig an tUasal G Geraghty ina áit

An Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide comhdhéanta de thrí phríomhfheidhmeannach de chuid na n-údarás áitiúil, ainmní Boird amháin, dhá oifigeach HIS, ceann airgeadais amháin, ionadaí OGCIO amháin agus dhá ionadaí GBRÁ.

Is é seo a leanas ról an Choiste TFC:

- Dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil ailtireacht, TFC agus caighdeáin chruthaithe ag baint le hobair na dtionscadal aonair rialtais áitiúil agus comhairle a chur ar fáil maidir le tionscnaimh úra.

Bhí naoi gcruiinniú ag an gCoiste TFC le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí sin:

Comhalta	Post	Freastalaíodh Orthu	Incháilite chun freastal orthu
An tUas. P Hynes (Cathaoirleach)	PF Chomhairle Contae Mhaigh Eo	9	9
An tUas E O'Sullivan	PF Chomhairle Contae Mhuineacháin	7	9
An tUas. F Curran	PF Chomhairle Contae Liatroma	5	9
An tUas. T Ryan	PF Chomhairle Contae an Chabháin	3	9
K. Quinn, Uasal	CA Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	7	9
M O'Donohue Uas.	Ceann Oibríochtaí OCGIO	7	9
An tUas. G Lynch	Ceann TF Chomhairle Contae Thiobraid Árann	6	9
An tUas. S Brady	Ceannasaí TF Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	9	9
N McHugh, Uasal	ACE GBRÁ	4	7
An tUas. J Flanagan	Sainchomhairleoir Sinsearach an GBRÁ	8	9

An Coiste Airgeadais

Cuimsíonn an Coiste Airgeadais ceithre phríomhfheidhmeannach de chuid na n-údarás áitiúil. Is é ról an Choiste Airgeadais:

- Paraiméadair a mholadh, roimh an 30 Meitheamh gach bliain, do bhuiséad na bliana dár gcionn.
- Dréachtbhuiséad a mholadh, roimh an 30 Meán Fómhair gach bliain, don bhliain dár gcionn agus an chionroinnt muirear gach údarás áitiúil a mholadh, bunaithe ar an mbeartas um muirir ceadaithe.
- Na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag straitéis úr ar an mbeartas um muirir/buiséadú a bhreithniú.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Airgeadais le linn 2019. Ba iad seo a leanas na comhaltaí sin:

Comhalta	Post	Freastalaíodh Orthu	Incháilite chun freastal orthu
An tUas. P Carey, Cathaoirleach	PF Chomhairle Contae Chill Dara	4	4
J Maguire Uasal	PF Chomhairle Contae na Mí	4	4
An tUas. C Murray	PF Chomhairle Cathrach & Contae Luimnígh	2	3
AM Delaney, Uasal	PF Chomhairle Contae Uíbh Fhailí	1	1

Coiste Chrúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí (PSROG)

Cuimsíonn Coiste PSROG Cathaoirleach an GBRÁ, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an GBRÁ, Cathaoirleach an CBCC, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, príomhfheidhmeannaigh Chomhairle Contae Chorcaí, Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ard-Rúnaí agus Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ionadaí seachtrach ón earnáil tráchtála.

Is é ról Choiste PSROG clár athchóirithe agus éifeachtúlachta an rialtais áitiúil a threorú agus monatóireacht agus tuairisciú dhéanamh air.


Bhí trí chruinniú ag an gCoiste PSROG le linn na bliana. Ba iad seo a leanas na comhaltaí sin:

Comhalta	Post	Freastalaíodh Orthu	Incháilite chun freastal orthu
An tUas. T Lucey (Cathaoirleach)	PF Chomhairle Contae Chorcaí	3	3
An tUas. M. Walsh	Cathaoirleach CBCC	2	3
An tUas. O Keegan	Cathaoirleach Bhord an GBRÁ	3	3
An tUas. J McCarthy	Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	1	3
J Maguire Uasal	PF Chomhairle Contae na Mí	2	2
An tUas. B Quinlan	Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	2	2
An tUas. J Harford	Ionadaí de chuid na hEarnála Tráchtála	3	3
An tUas. P Dunne	PF an GBRÁ	3	3

Táillí agus speansais


Níor íocadh aon táillí ná costais bhliantúla le comhaltaí Boird nó Coistí a bhí ina bhfostaithe sa GBRÁ, i ranna rialtais nó in údaráis áitiúla, maidir le freastal ar chruinnithe coistí.

TRUCHTÚR RIALACHAIS AN GBRÁ



Ag tacú leis an gCumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach

Cuireann an GBRÁ tacaíocht ar fáil don Chumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) agus dá choistí.



Sceideal Gnóthaí an GBRÁ

Áirítear iad seo a leanas le Freagrachtaí Sonracha na gComhaltaí Boird:

- Sócmhainní an GBRÁ a chosaint trí bhearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath
- Diúscairt agus scor na sócmhainní os cionn €70,000
- Ceadú éadálacha suntasacha os cionn €100,000
- Faomhadh téarmaí conarthaí móra (os cionn €100,000)
- Faomhadh na mbuiséad bliantúil agus pleananna corporáideacha
- Faomhadh na dtuarascálacha bliantúla agus na gcontas bliantúil
- Ceanglais reachtúla agus riarracháin a chomhlíonadh maidir le faomhadh cheapachán, líon, ghrádú agus choinníollacha ceapacháin na foirne go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas
- Faomhadh na mór-infheistíochtaí agus na mórtionscadal caipítil go léir
- A chinntíú go bhfuil leibhéal údarás tarmligthe, beartas cisteáin agus beartais bhainistithe riosca i bhfeidhm agus go gcloítear leo
- Go gcoimeádtar leabhair chuntais chuí ina nochtaí le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadair an GBRÁ agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadair alt 18(a) den Ordú Bunaóchta 2012

- Ceapachán, luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus measúnú ar a fheidhmíocht agus pleanáil chomharbais ina leith sin, i gcomhréir le polasaí an rialtais
- Go ndéanfar measúnú cothrom agus intuigthe ar sheasamh an GRBÁ agus a thuarascáil bhliantúil agus a chuntais á gcur faoi bhráid an Aire
- Comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla uile atá infheidhme maidir leis an GBRÁ. I gcás ina bhfuil Comhaltaí aonair an Bhoird ar an eolas faoi neamhchomhlíonadh maidir leis na dualgais sin, ba cheart dóibh aird chomhchomhaltaí an Bhoird a tharraingt air sin láithreach d'fhonn an cheist a réiteach. Ba cheart cásanna neamhchomhlíonta a chur ar aird an Aire ábhartha agus Rúnaí an Bhoird á chur ar an eolas faoin ngníomh seo chomh maith
- Breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar ábhair a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní, príomhcheapacháin, agus caighdeáin iompraíochta
- Leasuithe suntasacha ar shocair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na fairne
- Cuirfidh an Cathaoirleach comhairle ar an Aire ábhartha má bhíonn gá le tacar sainscileanna ar leith ar an mBord
- De réir alt 3.9 den Chód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú, tátar ag súil go mbeidh freastal 100% ag cruinnithe an Bhoird

Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí & Caighdeáin in Oifig Phoiblí

Ní mór do phearsanra sinsearach go léir an GBRÁ, comhaltaí go léir an Bhoird agus aon sealbhóirí poist ainmnithe san eagraíocht ráitis bhliantúla a chur isteach i gcomhréir leis na hAchtanna seo.

Nochtadh cosanta

Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta don GBRÁ le linn 2019.

Soláthar corporáideach

Tá craith iomlán nósanna imeachta agus treoirlínte maidir le soláthar ag an GBRÁ ar chloígh sí leo le linn na bliana. Lena chois sin, tá an ghníomhaíocht soláthair go léir faoi threoir na dtreoirlínte agus na mbeartas um sholáthar poiblí a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais.

Tuarascáil Bhliantúil Fuinnimh an GBRÁ 2019

Tá 34,002 troigh chearnach de spás oifige ag oifigí GBRÁ i mBaile Átha Cliath 8 thar 2 fhoirgneamh. Ceanglaítear ar chomhlactaí poiblí faoi IR 426 de 214 (agus roimhe sin faoi IR 542 de 2009) sonraí fuinnimh a thuairisciú ar bhonn bliantúil. Chuir an GBRÁ túis lena húsáid fuinnimh a thuairisciú ó 2009 (an Bhunlíné) ag baint úsáid as an gCóras ar líne M&R (arna fhorbairt ag ÚIFÉ agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíthe ar son na hAeráide agus Comhshaoil). Go dtí seo, rinne an Ghníomhaireacht cogilteas de 39% ón mbunlíné (2009); foilseoidh an ÚIFÉ é sin i Ráithe 4 2019. Léiríonn sé seo gur sháraigh an GBRÁ an ráta éifeachtúlachta bunlíné agus táthar ag súil go mbainfidh sí sprioc 2020 amach.

Soilsíú


Thosaigh an GBRÁ le feistis solais a uasghrádú go LED atá tíosach ar fhuinneamh le linn 2019 Le gach LED sábháiltear 85% maidir le níos lú leictreachais in aghaidh an fheistis solais, tiontaítear 95% go solas. Ní hamháin go sábhálann an éifeachtúlach fuinnimh seo airgead, ach laghdaíonn sé ár dtionchar ar an gcomhshaol chomh maith



Stíalladh

Rinne an GBRÁ 160 crann a athchúrsáil in 2019 trí stíalladh.



ACMHAINNÍ DAONNA**Foireann na Straitéis Pobail**

Aithníonn an GBRÁ gurb iad ár bhfostaithe na príomhspreagthaí is tábhachtaí do rath an heagraíochta. Cuireadh Foireann na Straitéis Pobail ar bun le fostaithe ó gach ceann de na ceithre cholún chun cuidiú leis an straitéis earnála a phleanáil agus a bheachtú de réir riachtanais na Gníomhaireachta. Bhí sé sin de thoradh ar an sruth oibre cultúrtha, cuid den athbhreithniú straitéiseach lenar baineadh rannpháirtíocht fheabhsaithe fostaithe amach.

An Fhoireann Ghlas

Bhunaigh fostaithe an GBRÁ an Fhoireann Glas a bhfuil suim acu áit oibre níos glaise a dhéanamh den GBRÁ agus thug siad tiomantas go gcuideoidh siad leis an GBRÁ córais a chur chun feidhme a mbeidh inbhuanaitheacht fheabhsaithe, tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol agus éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr mar thoradh air. Chuir an Fhoireann Ghlas tús le lón tionscnamh chun timpeallacht oibre níos inbhuanaithe a spreagadh.

Foireann na Slándála Faisnéise

Chuir an GBRÁ cur i bhfeidhm an Fíordheimhnithe Ilfhachtóirí (MFA) i gcrích maidir le rochtain ar a thionóna Office 365, agus ní mór do na baill foirne anois iarrachtaí rochtana a fhíorú.

Rinneadh roinnt iarrachtaí ár dtimpeallacht a rochtain ó lasmuigh d'Éirinn a diúltáodh le cúnamh ón MFA.

Thionól Foireann um Chibearshlándáil Fohoiste an GBRÁ seimineár don earnáil rialtais áitiúil i ndáil le pleánáil leanúnachais gnó agus athshlánú tubaistí inar thug eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon léirithe.

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an tslándáil faisnéise laistigh den GBRÁ chomh maith, le tús curtha ar chur chun feidhme na moltaí faoi dheireadh na bliana.

Cumarsáid

Sa roinn chumarsáide soláthraítear tacáiocht ar fud an GBRÁ lena n-áirítear don Fhoireann Chorparáideach maidir le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach an GBRÁ. Áiríodh le tosaíochtaí don bhliain obair maidir le haitheantas úrnua a fhorbairt don ghníomhaireacht, clúdach na meán i gcomhair thionscnaimh an GBRÁ agus méadú ar an na gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánaí lena n-áirítear tríd an Inlón úr.

4

Cruinnithe Choiste an CBCC 2019

Coiste	Líon cruinnithe	lomlánach
Príomhfheidhmeannach an CBCC	11	
CBCC	11	
Tithíocht agus Foirgníocht an CBCC	8	1
LUTS AN CBCC	7	
Comhsaoil, Athrú Aeráide agus Pleanál Éigeandála, Athrú Aeráide agus Pleanál Éigeandála (ECCEP) an CBCC	8	1
Airgeadas an CBCC	6	
Coiste Eacnamaíoch, Fiontar, Pobail agus Cultúir (EECC) an CBCC	9	
Corparáid an CBCC	5	
Coiste Uisce an CBCC	3	

Ag Obair go comhoibríoch

Tá comhoibriú agus compháirtíocht lárnach d'éiteas an d'obair na seacht gcoiste de chuid an CBCC. Le linn 2019 cuireadh obair chun cinn le príompháirtithe leasmhara ar fud roinnt earnálacha lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus a lán eagraíochtaí móra agus eagraíochtaí éagsúla eile.

Cuirtear na príompháirtithe leasmhara ar oibrigh gach coiste leo in 2019 ar fáil thíos.

Chomh maith le rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara sin, bhí comhaltaí na gcoistí rannpháirteach chomh maith in go leor grúpaí agus foghrúpaí oibre earnála le linn na bliana. Rinne comhaltaí na gcoistí ionadaíocht chomh maith don earnáil rialtais áitiúil ar a lán grúpaí stiúrtha/tascfhórsaí rialtais trasearnála, etc.

An Coiste Corparáideach

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlactaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil 	<ul style="list-style-type: none"> Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí & Caighdeán in Oifig Phoiblí (SIPO) Coimisiún um Chearta an Duine agus um Chomhionannas na hÉireann (IHREC) An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchóireachta (NOAC) Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) 	<ul style="list-style-type: none"> Ionad ADAPT Foras na Gaeilge (DCU) An Foras Riaracháin (IPA) Grúpa Oibre um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí OPS

An Coiste Airgeadais

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlacthaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil Seirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus Airgeadas Rialtais Áitiúil An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais 	<ul style="list-style-type: none"> An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) 	<ul style="list-style-type: none"> Sara Moorhead Uas. S.C. (Athbhreithniú na gComhaltaí Tofa) Oifige Luachála

An Coiste um Chomhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlacthaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaol An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt An Roinn Cosanta (Brainse na Cosaint Sibhialta) 	<ul style="list-style-type: none"> An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúla Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann An Garda Síochána Met Éireann An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) Oifig na nOibreacha Poiblí An Post Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚIFÉ) 	<ul style="list-style-type: none"> Oifigí Réigiúnacha um Bainistíocht Dramhaíola WERLAnna Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROnna) Oifig Náisiúnta um Cheadanna le haghaidh Bailiú Dramhaíola Oifig um Chláir Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPO)

An Coiste Eacnamaíoch, Fiontar, Pobail agus Cultúir (EFPC)

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlacthaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta – Clár Éire Chruthaitheach An Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige An Roinn Sláinte An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais 	<ul style="list-style-type: none"> An Chomhairle Ealaíon Fáilte Éireann Turasóireacht Éireann ÚFT Fiontraíocht Éireann Spórt Éireann Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte 	<ul style="list-style-type: none"> Cónaídhm Óstán na hÉireann Cónaídhm Thionscal Taistil na hÉireann

An Coiste le haghaidh Úsáid Talún agus lompar (LUTS)

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlacthaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil An Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt An Roinn Comhshaoil, Athraithe Aeráide agus Pleanála An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail 	<ul style="list-style-type: none"> Bonneagar lompair Éireann (BÉ) Oifig na Bainistíochta Bóithre Oifig na nOibreacha Poiblí An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) Suirbhéreacht Gheolaíochta na hÉireann Gníomhaireacht Forbartha Talún Lónraí Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL) Oifig an Rialalaí Pleanála (OPR) An Chomhairle Oidhreachta An túdarás um Shábhálteach ar Bhóithre (RSA) Sports Trails Ireland An Bord Pleanála 	<ul style="list-style-type: none"> Comhlacthaí Poiblí Éireannacha (CPÉ) Institiúid Pleanála na hÉireann An Post Fóram Comhpháirteach Úsáideoirí Fóntas Údarás Áitiúil (JULA) Cónaídhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (NBI) Cumann Fuinnimh Ghréine na hÉireann (ISEA)

An Coiste Tithíochta agus Tógála

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlacthaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta 	<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaireacht Tithíochta Tusla Chomhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann Rialaitheoir AHB Seirbhís Príosún na hÉireann An Banc Ceannais An Gníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) Oifig Náisiúnta um Thionscadal Bainistíochta um Rialú Foirgníochta Ionad seirbhise comhroinnté ICT 	<ul style="list-style-type: none"> Tús Áite don Tithíocht Cumann Náisiúnta na Tógálaithe Tí NHBI CIF An Príomhchlár Creidmheasa SORUM – Measúnú agus bainistíochta riosca ciontóirí gnéis ENRanna

An Coiste Uisce

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí / comhlacthaí stáit / roinnte	Eagraíochtaí eile seirbhísí
<ul style="list-style-type: none"> An Roinn Tithíochta Pleanála agus Rialtais Áitiúil An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 	<ul style="list-style-type: none"> Uisce Éireann An Coimisiún um Rialáil Fóntas GCC Gréasán Saotharlann Creidiúnaithe 	<ul style="list-style-type: none"> Grúpa um Athrú ó Bhonn na Seirbhísí Uisce Phoiblí Foireann Comhcheannaireachta Grúpaí Náisiúnta agus Réigiúnacha SLA Foireann an Chláir um Athrú ó Bhonn Grúpa ASP agus Buiséid Lónra um Bainistiú Athruithe

Déantar seirbhísí uisce a sholáthar trí Chomhaontú Seirbhise le hUisce Éireann. Tá an earnáil údarás áitiúil féin ina pártí leasmhara ríthábhachtach don Choiste Uisce.

5 | Nuálaíocht


D'oibrigh an GBRÁ chomh maith leis na húdaráis áitiúla chun an dóigh is fearr le tacú le nuálaíocht san earnáil a chinneadh. Chuaigh an GBRÁ i gcomhpháirtíocht leis an bhForas Riaracháin (IPA) chun imeacht nuálaíochta a eagrú le 29 údarás áitiúil rannpháirteach.

Innosurvey - chuir freastalaithe uirlis nuálaíochta den chéad scoth chun léargas a chur ar fáil agus a léirmhíniú maidir le staid ullmhachta na hearnála rialtais áitiúil le dul i mbun nuálaíochta i gcrích.

Léiríodh le haiseolas ón imeacht go bhféadfadh an GBRÁ tacaíocht a chur ar fáil trí nuálaíocht a chur chun cinn, cás-staidéir a roinnt; imeachtaí a thionól; sonraí maidir le nuálaíocht agus tionscadail a bhunú, a choimeád agus a roinnt; agus, an cumas agus an acmhainn le haghaidh nuálaíochta leis na húdaráis áitiúla a fhorbairt.


Sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á céad Chiste um Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí, tionscnamh OPS 2020, in 2019. Tugadh cuireadh d'iarratais ar fud na seirbhíse poiblí. As na tionscadail a cuireadh isteach, bhí 28% díobh ó údarás áitiúla, agus rinneadh 27% den mhaoiniú foriomlán a leithdháileadh ar thionscadail údarás áitiúil.

As na tionscadail a cuireadh isteach don Chiste Nuálaíochta 2019



b'ionann **28%** díobh agus tionscadail údarás áitiúil.

Maidir le tionscadail a faomhadh.



rinneadh **27%** den mhaoiniú foriomlán a leithdháileadh ar thionscadail údarás áitiúil,
€135,000 ar an iomlán
ón €500,000 a bhí ar fáil

6 | Eolas

Taighde dhéanamh ar an dea-chleachtas agus nuálaíocht agus iad a chur chun cinn

- Lean an tlonad Taighde le tacaíocht a thabhairt do choistí an CBCC trí shuirbhéanna a dhéanamh, aighneachtaí a ullmhú agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil.
- Tháinig méadú suntasach ar an méid taighde a rinneadh agus a coimisiúnaíodh le linn na bliana. Tháinig méadú ar ionadaíocht na hearnála ar fud raon grúpaí taighde.
- Cuireadh túis le hobair ar chás gnó an PSROG maidir le tionscadal láraithe um bailiú sonraí agus anailísfocht sonraí a fhorbairt.
- Tacaíodh leis an obair ar tháscairí feidhmíochta bliantúla NOAC agus anailís ar threochtaí oibre sonraí táscairí feidhmíochta stáiriúla á déanamh.

Soláthraítear sa tábla thíos achoimre ar aighneachtaí an tsuirbhé agus an cúnamh teicniúil a cuireadh ar fáil le linn na bliana. Tugtar sonraí ann maidir le:

- Ullmhaíodh deich n-aighneacht, ar bhain an chuid ba mhó díobh le suirbhéreacht a dhéanamh ar gach ceann den 31 údarás áitiúil, agus cuireadh cúnamh a bhaineann le taighde Teicniúil ar fáil do sheacht dtionscadal.

Suirbhéanna / aighneachtaí		
Teideal/Téama	Thar ceann isteach é GBRÁ / Coiste	An dáta ar cuireadh
Athbhreithniú PPN - doiciméad an tsuirbhé agus na haighneachta chug DRCD	EECC	Samhain
Athbhreithniú ar 'The Big Hello Weekend' - suirbhé agus aighneacht chug DRCD	EECC	Meán Fómhair
Nuashonrú suirbhé agus aighneachta maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtíú Ímirceach do DJE	EECC	Feabhra Meitheamh Deireadh Fómhair
An Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtíú Ímirceach do DJE	EECC	lúil
Comhairliúchán maidir le Plean Forbartha Tuaithe 2020 - aighneacht chug DRCD	EECC	Nollaig
Suirbhé agus tuarascáil turasóireachta na n-údarás áitiúil do chomhdháil an GBRÁ/Fhálte Éireann	EECC	Márta
Stádas straitéisí turasóireachta ÚÁ - suirbhé agus tuarascáil	EECC	Deireadh Fómhair
Athbhreithniú an Chomhchoiste Póilíneachta - suirbhé agus aighneacht	EECC	lúil
Athbhreithniú lár téarma ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht ag údarás áitiúla don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	EECC	Bealtaine
Comhairliúchán Ráiteas Straitéise Oifig an Rialálaí Pleanála	LUTS	Meán Fómhair


Cúnamh Teicniúil

Teideal/Téama	Thar ceann isteach é CBRÁ / Coiste	An dáta ar cuireadh
Grúpa Oibre Staitisticí Leabharlann an GBRÁ	Soláthar Seirbhísí Leabharlann	Ar siúl
Dearadh suirbhé le haghaidh Ghrúpa Oibre VFM	VFM	Meán Fómhair
OPS2020 Athbhreithniú an Suirbhé maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí	Corparáideach	lúil
Forbairt na dTreoirínta Tosaigh maidir le cur chun feidhme Athbhreithniú IHREC	Tithíocht agus Tógálil	Lúnasa
Treoirthionscadal 'Town Living' DRCD - Comhchoiste ullmhúcháin maidir le Forbairt Tuaithe agus Pobail		Samhain

Tuarascálacha taighde

Cuntas Gearr ar Gníomhaíochtaí Aeráide an Rialtais Áitiúil in Éirinn

Léirítear sa tuarascáil an príomhról atá ag údarás áitiúla maidir le dul i ggleic leis an athrú aeráide agus gníomhaíochtaí faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Aeráide a chur chun feidhme. Tugtar sonraí ann maidir le torthaí suirbhé a rinneadh sna húdarás áitiúla ar fad, inár gabhadh sonraí a bhaineann le réimse gníomhaíochtaí um oiriúnú, maolú, agus freagairt éigeandála le cúig bliana anuas. Gabhadh bonnlíne go rathúil sa tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí reatha aeráite aeráide agus bunaítear dea-chleachtas trí níos mó ná 40 cás-staidéar a léiriú, faoi mar a ceanglaíodh leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Aeráid.



Tuarascáil maidir le tacaíochtaí deontais rialtais áitiúil ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí rialtais

Sa tuarascáil seo sainaithníodh 30 roinn agus gníomhaireachtaí rialtais a mhaoinigh údarás áitiúla in 2018. Cuireadh sonraí maidir leis an maoiniú agus an leithdháileadh ar fud na hearnála i láthair toisc go raibh fadhbanna le sárú ag na húdarás áitiúla agus iad ag iarráidh an lín móra maoinitheoirí seo a bhainistiú. Scaipeadh an tuarascáil ar an CBCC agus chuir an CBCC i láthair Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh í. Tarraingítear aird inti ar an ngá atá leis an maoiniú d'údarás áitiúla a chomhordú ar bhealach níos fearr.

Baineadh leas as an tuarascáil chun eolas a thabhairt i gcomhair cur i láthair don Chomhchoiste um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail chomh maith le haighneacht comhairliúcháin don DRCD maidir leis an mbeartas úr um fhorbairt tuaithe.

Sliocht le OECD Suirbhé Turasóireachta ECFE maidir le Forbairt Turasóireachta le haghaidh Fás Inbhuanaithe agus Uilechuimsitheach a Bhainistiú

Ullmháodh aighneacht inar gabhadh aiseolas ó 13 údarás áitiúla mar chuid de shuirbhé ECFE

maidir le turasóireacht inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a fhorbairt go náisiúnta. Tugtar chun solais sa tuarascáil an dóigh a n-oibríonn na húdarás áitiúla go straitéiseach agus i gcomhar le raon páirtithe leasmhara chun deiseanna fostáochta éagsúla a sholáthar ina limistéir, nideog, tairiscintí bia áitiúil agus tionscnaimh iompair inbhuanaithe agus chultúrtha a chur chun cinn chun turasóireacht a mhealladh agus chun sláinte agus folláine na gcónaitheoirí áitiúla a fheabhsú.

Lena chois sin, agus í sna luathchéimeanna úsáide, tá tionchar á imirt de réir a chéile ag úsáid na hearnála rialtais Áitiúil as an teicneolaíocht mar bhealach chun bainistíocht ceann scríbe turasóireachta níos cliste a chur chun cinn ar an dóigh a bhforbraíonn agus a bhanistíonn na húdaráis Áitiúla turasóireacht ina limistéir.

Aighneacht: Comhairle Bhardais agus Réigiún na hEorpa (CEMR) taighde ar mhná sa pholaitíocht

Rinne an CEMR taighde ar fud na hEorpa maidir le mná sa pholaitíocht i measc a 41 ballchumann. Rinneadh taighde roimhe sin in 2008 ach níor cuimsíodh sonraí Éireannacha ar bith sa tuarascáil go fóill. Chuir an GBRÁ sonraí isteach ag dul siar go dtí os cionn 10 mbliana ó shin maidir le hinscne comhaltaí tofa agus méaraí lena gcuimsíú sa tuarascáil seo agus chuidigh sé le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht deiridh roimh an bhfoilseachán deiridh.

Ionadaíocht earnála a sholáthar maidir le taighde

Sholáthraigh an GBRÁ ionadaíocht earnála ar thrí ghrúpa náisiúnta taighde

- Grúpa Eolais Pleanála Oifig an Rialála Pleanála (ORP)**

Bhunaigh an ORP an grúpa chun cuidiú le cur chun feidhme a gcuspóirí taighde faoin straitéis reatha.

- Fóram Taighde na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil**

Fóram Taighde Tithíochta nuabhuinaithe na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

- Grúpa Idirchaidrimh Staitisteoirí Fóirmíúil CSO**

Tá an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe as gach roinn agus gníomhaireacht rialtais a oibríonn le sonraí earnála.

Le linn na bliana, chuir na coistí éagsúla níos mó ná 60 aighneacht faoi bhráid 21 roinn rialtais nó eagraíocht reachtúil éagsúil.

Aighneachtaí	Tithíocht agus Tógáil	ECCEP	Corparáideach	Airgeadas	Uisce	EECC	LUTS	Iomlán
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	2	3	1	11			1	18
DJE						4		4
Coiste an Oireachtais	2					1		3
DRCD	2					2		4
ORP							1	1
An Roinn Iompair						1		1
An Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige						1		1
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt						2	1	3
LDA							1	1
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe				1				1
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil		9						9
ISPCA	1							1
FSAI	3							3
An Roinn Coimircé	2							2
NOAC	1							1
Eureau	1							1
DCAHG	1							1
GCC	1							1
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	2							2
An Garda Síochána	1							1
CRU					2			2
Iomlán	2	29	1	12	2	11	4	61

Táscairí Feidhmíochta

Tuarascáil um Tháscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúil NOAC 2018

Thacaigh an tAonad Taighde le bailiú sonraí le haghaidh tháscairí feidhmíochta na n-údarás áitiúil 2018 trí chúnamh teicniúil a sholáthar do NOAC agus trí thacair shonraí sheachtracha a thiomsú. Soláthraíodh tuarascáil GBRÁ agus cuimsíodh í i dtuarascáil bhliantúil NOAC, a foilsíodh agus a seoladh i mí Mheán Fómhair 2019. D'éascaigh an tAonad uasghrádú agus tabhairt isteach táscairí úra chomh maith idir coistí an CBCC agus Bord NOAC. Cuireadh túis le hobair chomh maith ar thuarascálacha treocheataí a sholáthar maidir le cúig bliana (2014-2018) de shonraí NOAC in 2019.



7

Tacaíocht agus cúnamh rialtais áitiúil

Ionadaíocht um Chaidreamh Tionsclaíoch

Sholáthair an GBRÁ tacáiocht leanúnach do na húdaráis áitiúla i ndáil le cúrsáí caidrimh thionsclaíoch lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta agus soiléiriú maidir le léirmhíniú imlitreacha agus fiosruithe a bhain le fostaithe.

Rinneamar ionadaíocht ar son na n-údarás áitiúil agus thacaíomar leo i gcúrsaí le ceardchumainn. Cuireadh iad sin ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre lena n-áirítear idirghabháil, idir-réiteach, breithníu agus éisteachtaí na Cúirte Oibreachais.

Seirbhísí dóiteáin coimeádta

I ndiaidh cinnidh i gCúirt Breithiúnais na hEorpa maidir le hatreorú a rinne comhraiceoir dóiteáin as an mBeilg toisc gur bhain sé lena am oibre, rinne SIPTU nó aturnaetha a ghníomhaíonn ar son comhraiceoirí dóiteáin coimeádta líon suntasach gearán leis an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Bhí na cásanna bunaithe ar mholadh go raibh na comhraiceoirí coimeádta ar dualgas ar bhonn 24/7 agus gurbh ionann an t-am ar dualgas agus am oibre. Toisc go ndearnadh os cionn 600 gearán, chinn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre éisteacht le dosaen nó níos mó cásanna samplacha toisc go raibh na gearán ar fad mar an gcéanna maidir le ceisteanna substainteacha. Sa dosaen nó níos mó de chásanna a thionól an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in 2019 i gcás go ndearnadh cinntí, rialaódh i bhfabhar an údarás áitiúil, agus mar sin caitheadh an cás amach.

Ionadaíocht ar son Acmhainní Daonna

Cosaint páistí

Bhainistigh an GBRÁ soláthar na dtacaíochtaí seo a leanas don earnáil maidir le cosaint páistí, trí cheardlanna ar a d'fhreastail 107 baill foirne de chuid na n-údarás áitiúil.

Ceardlann	Líon ceardlann	Líon freastalaithe
Measúnú Riosca ar Chosaint Páistí	2	56
Oiliúint ar Chosaint Páistí d'Leas-Oifigh Idirchaidrimh um Chosaint Páistí Ainmnithe agus Daoine Sainordaithe	2	51

Sholáthair an GBRÁ treoir agus tacáiocht trí dhoiciméid teimpléid a eisíodh chuig an earnáil, chun tacú leis na húdaráis áitiúla beartais agus nósanna imeachta a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Sláinte agus sábháilteachta

Lean Rannán um Thacaíocht Oibriúcháin Údarás Áitiúil le tacáiocht a thabhairt don earnáil chun ardfheidhmíocht a bhaint amach maidir le sláinte, sábháilteachta agus leas trí fhorbairt agus chur chun feidhme leanúnach agus trí phríomhshruithe an dea-chleachtais sa réimse seo.



Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce (WSTO)

Lean Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce (WSTO) le tacáocht a chur ar fáil d'earnáil seirbhísí uisce na n-údarás áitiúil i seirbhísí uisce d'Uisce Éireann.

Fóntas poiblí aonair molta

Leanadh le hobair ar an gcreat maidir le cur in ionad comhaontuithe seirbhíse amach anseo idir Uisce Éireann agus na húdarás áitiúla. Tá an WSTO ina bhall de Ghrúpa um Athrú ó Bhonn na Seirbhísí Uisce Poiblí a dhéanann ionadaíocht ar son an lucht bainistíochta le linn idirbheartaíochta. D'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre cruinnithe déthaobhacha idir an lucht bainistíochta agus na ceardchumainn le linn na bliana.

Taighde ar Forbairt eacnamaíoch

Rinne WSTO taighde maidir le tionchar dheighilt na feidhme pleánala do sheirbhísí uisce ó na húdarás áitiúla agus a tionchar ar fhorbairt, ar chumas na hearnála tacú le forbairtí tithíochta agus tráchtála agus iad a spreagadh.

Saincheisteanna oidhreachta

Déanann WSTO agus saineolaithe ábhair na n-údarás áitiúil ionadaíocht don earnáil ar na Grúpaí Oibre um Pinsin agus Muirir na Lárhbainistíochta arna stiúir ag an Roinn Tithíochta, Pleánala, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Bunaíodh na grúpaí sin le linn na bliana chun tograí a fhorbairt chun dul i ngleic le príomh-saincheisteanna oidhreachta.

Rinne WSTO suirbhéireacht ar an earnáil chun fardal cothrom le dáta a fháil maidir leis na sócmhainní uile atá as feidhm ar fud na tíre.

Straitéis saotharlann

Forbraíodh feasachán cumarsáide promóisin maidir leis na seirbhísí a chuireann an lónra saotharlann údarás áitiúil creidiúnaithe ar fáil agus eisíodh é chuig na húdarás áitiúla ar fad. Soláthraíodh Caighdeánú Comhaontaithe Seirbhíse agus Samhail Costála agus Muirear chomh maith. D'fhaomh Grúpa Athchóiriú Seirbhísí Poiblí togra maidir le rialachas agus forbairt na straitéis saotharlann. Ós rud é gur tionscadal maidir le cálíocht an uisce é, beidh an fhreagracht as cur chun feidhme na straitéise faoi Choiste um Chomhshaol, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála an CBCC.

Foirne deartha tionscadal

Bunaíodh fairne deartha tionscadal chun éascaíocht a dhéanamh ar threoirí tionscadail de réir mar is cuí agus déanann ionadaithe ó WSTO ionchuir agus ballraíocht na n-údarás áitiúil a chomhordú. Áiritear orthu sin:

- Ceangail agus seirbhísí forbróra Nósanna
- Imeachta oibriúcháin caighdeánacha
- Córáis bainistíochta faisnéise timpeallachta
- Soláthar tionscadail chaipítíl
- Clár cothabhála beartaithe
- Cur chun Feidhme straitéise náisiúnta saotharlann
- Córás bainistíochta ligin

Gréasán Athraithe Bainisteoirí Údaráis Áitiúil

Lean WSTO ag obair go dlúth leis an nGréasán Athraithe Bainisteoirí Údaráis Áitiúil, a tháinig le chéile ar bhonn mósúil. Tionóladh na cruinnithe sin i gcomhar le hUisce Éireann. Chuir an gréasán fóram ar fáil le haghaidh comhairliúcháin le Foireann Bainistíochta Athraithe Uisce Éireann agus d'éascaigh sé cur chun feidhme rianúil thionscnaimh athraithe an Phlean um Athrú ó Bhonn agus na cinn a rinneadh faoin teideal 'gnó mar is gnáth'. Chuidigh an gréasán maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na n-athruithe laistigh den earnáil agus le bailiú sonraí ar fud na hearnála do thaighde WSTO.

Tionscadal párola

Mar fhreagairt ar cheanglas iniúchóireachta ar Uisce Éireann, d'fhorbair WSTO agus Uisce Éireann saoráid chun sonraí párola gan ainm a sholáthar ón earnáil. Theastaigh réiteach TF a fhorbairt ina leith sin chun uathoibriú an phróisis a éascú. Tugadh faoi threoirí thionscadail in údaráis áitiúla Ros Comáin agus na Mí.

Coiste Uisce an CBCC

Tacaíonn an WSTO le Coiste Uisce an CBCC ina obair agus déanann sé taighde ar a shon ar fud na hearnála mar aon le haighneachtaí reachtúla agus neamhreachtaí a ullmhú ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Áiríodh ar mhíreanna ar an gclár oibre pinsin, beartas um muirear ceangail agus costais na lárbaينistíochta. Tionóladh stiúrthóir ar chruinníu ionlánach seirbhísí i mí Aibreáin.

Aighneachtaí

D'ullmhaigh WSTO aighneachtaí thar ceann Choiste Seirbhísí Uisce an CBCC agus na hearnála lena n-áirítear dhá cheann chuig an gCoimisiún um Rialál Fóntas maidir le hoiriúnacht agus bearta beartaithe ina dhoiciméid um Rialú loncaim Thréimhse 3.

Uisce tuaithe

Leanadh le hobair ar an dá shraith oibre faoi uisce tuaithe:

- Seachadadh an Chéad Chláir Ilbhliantúil maidir le hlinfheistíocht Uisce Tuaithe
- Taighde ina ndéantar scrúdú ar na riachtanais infheistíochta amach anseo d'uisce tuaithe. Ní raibh sé de thoradh thairiscint na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a bheith ag lorg tograí taighde gur dámhadh conradh agus tá tairiscint eile le heisiúint.

Seachadadh uisce tuaithe ag údaráis áitiúla

Tá dhá phríomhról ag na húdaráis áitiúla i ndáil le seirbhís uisce tuaithe:

1. Rialaitheoir de bharr a róil mar údarás maoirseachta faoi Rialachán an Aontais Eorpáigh (Uisce Reatha), arna leasú (EU (DW) Regs 2014)
2. agus Riaradh an Chláir Uisce Tuaithe Ilbhliantúil (MARWP).

D'fhorbair an GBRÁ cás gnó d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin d'údaráis áitiúla maidir le soláthairt uisce óil sábhláite, seasmhacha agus cóireáil fuíolluisce a sholáthar faoin tuath in Éirinn. Rinne sé athbhreithniú ar an leibhéal riachtanach acmhainní agus rinne sé scrúdú ar shamhlacha le haghaidh soláthair. Leanadh le hobair ar an tionscadal sin le linn na bliana agus thacaigh an earnáil leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le tuilleadh tuairiscithe a lorg ar sheirbhísí uisce tuaithe reatha in Éirinn.



Catalóg Seirbhíse Rialtais Áitiúil

Lean Foireann Tionscadail na Catalóige Seirbhíse Rialtais Áitiúil ag obair ar an gcéad chéim den tionscadal trí sheirbhísí a chatalgóig in aghaidh an réimse fheidhmiúil i bhformáid .xlsx bunaithe ar chreat deartha comhaontaithe na catalóige. Rinne an foireann 657 seirbhís poiblí a chatalgóig agus d'fhoilsigh siad iad ar shuíomh gréasán an GBRÁ. <https://www.lgma.ie/en/servicecatalogue>

TÁ DRÉACHTCHATALÓGA CURTHA I GCRÍCH DO RÉIMSÍ FEIDHMIÚLA IAD SEO A LEANAS



Tithíocht



Bóithre agus lompar




Párceanna



Forbairt Eacnamaíoch



Fiontraíocht Áitiúil



Pleanáil



Fearann Poiblí



Pobal agus Spór



Forbairt Turasóireachta



An Comhshaol

Lean an fhoireann de bheith ag obair leis an earnáil le linn chéim forbartha a catalóige agus tá an t-ionchur ó sheisiúin na gcleachtóirí agus ón bPointe Aonair Teagmhála ríthábhachtach maidir le hábhar fóntha a fhorbairt. I measc cuid de na cruinnithe a tionóladh in 2019 bhí:

- 10 seisiún cleachtóirí le 400 freastalaí ar an iomlán
- Trí sheisiún pointe aonair teagmhála le 102 freastalaí ar an iomlán
- Ocht gcuinniú Bord Clár
- Rinneadh sé choiste a nuashonrú go rialta - Bord an GBRÁ, an CBCC, Grúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí (PSROG), Coiste TFC an CBCC,
- Coiste Corparáideach an CBCC agus Cinn Ghrúpa na gCóras Faisnéise.
- Cur i láthair do ghrúpa CBCC/SOLACE Cur i láthair d'Fhóram na Stiúrthóirí Tithíochta
- Cur i láthair do Cheardlann Seirbhísí Custaiméirí NOAC.

D'fhoilsigh an fhoireann dá fheasachán cumarsáide agus Treoir leis an gCatalóg Seirbhíse Rialtais Áitiúil chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don earnáil maidir le dul chun cinn agus réasúnaíocht an tionscadail.

Cuireadh túis le hobair ar Chéim 2 den tionscadal chun réiteach teicneolaíoch a fhorbairt chun tacú leis an gcatalóg ar aon dul leis an gcás gnó faofa. D'oibrigh bailí den Bhord Clár leis an bhFoireann Tionscadail chun an méid seo a leanas a fhorbairt:

- Riachtanais fheidhmiúla an phróisis soláthair
- Réiteach teicneolaíoch chun an chatalóg a dhéanamh úsáideach don earnáil agus don phobal.

Earnáil na n-údarás áitiúil a chur in iúl agus a chur chun cinn

Is gné thábhachtach iad poist agus daoine an rialtais áitiúil a chur in iúl

d'obair an GBRÁ, i gcomhar leis an gCumann Bainistíocha Contae agus Cathrach (CBCC) agus Grúpa Oibre Cumarsáide faoi Fheidhmeannach an CBCC.

Le inn 2019, cuireadh béim láidir ar sheirbhísí údarás áitiúil agus a luach don saoránach a chur chun cinn mar chuid den fheactais 'Do Chomhairle'. Thacaigh an rannóg Cumarsáide chomh maith le foinne ar fud na Gníomhaireachta i ndáil le rannpháirtíocht an fheactais agus na meán maidir le saincheisteanna amhail an aeráid, Brexit, pleánáil, comhshaol, airgeadas, leabharlanna, turasóireacht, agus tithíocht.

Bainistíonn an GBRÁ roinnt cuntais meán sóisialta thar ceann earnáil na n-údarás áitiúil, lena n-áirítear cuntais le haghaidh GBRÁ, Údarás Áitiúla na hÉireann, Leabharlanna Éireann, agus na CBCC.

Thacaigh rannóg Cumarsáide an GBRÁ le roinnt imeachtaí náisiúnta don earnáil le linn na bliana, lena n-áirítear láithreacht ag Comórtas Náisiúnta na Treabhadóireachta, Comhdháil Turasóireachta na nÚdarás Áitiúil agus Seimineár Dea-Chleachtais na nÚdarás Áitiúil.

Soláthraíonn an GBRÁ tacaíocht don Ghréasán Cumarsáide, lena n-áirítear iad siúd ar fad atá ag obair sa chumarsáid ar fud na hearnála. Mar chuid de sin, rinneadh cursa teastais saincheaptha um Chumarsáid Straitéiseach in Údarás Áitiúla a fhorbairt i gcomhar le hInstitiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí (PRII) agus tionóladh seimineár d'oifigigh chumarsáide thar dhá lá i mí na Samhna le cainteoirí ó earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach.



Le linn 2019, cuireadh béim láidir ar sheirbhísí údarás áitiúil agus a luach don saoránach a chur chun cinn Mar chuid den fheactais 'Do Chomhairle'.

Soláthar straitéiseach rialtais áitiúil

Oideachas agus Oiliúint

Tugadh an gá atá le hoiliúint thiomnaithe um bainistíocht conartha chun suntais i measúnú ar riachtanais oiliúna. Rinne an LGSPC i gcomhar le Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhíse Údarás Áitiúil (LASNTG) tairiscint le haghaidh Greenville Consultants agus d'éirigh leo iad a fháil chun treoirchlár oiliúna ar bhainistíocht conarthaí a dhéanamh chun clár iomlán a chur i bhfeidhm ag brath ar mheastóireacht rathúil.

Lena chois sin, soláthraíodh 13 sparánacht chun tacú le gairmiúlacht an tsoláthair trí oideachas soláthair tríú leibhéal faofa laistigh den earnáil a mhaoiniú i bpáirt.

Clár athchóirithe soláthair

Déanann an LGSPC ionadaíocht don earnáil ar Bhord Feidhmiúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus oibríonn sé i gcomhpháirtíocht leis an (OSR) chun an clár athchóirithe soláthair a leabú san earnáil rialtais áitiúil.

Chomhaontaigh an Bord um Athchóiriú Soláthair Eatramhach agus an OSR sraith táscairí chun rath an Chláir Athchóirithe Soláthair a thomhas agus chuir an OSR tú le hobair maidir le faisnéis a asbhaint ón ardán r-Thairiscintí chun tacú le forbairt na dtáscairí

Oibríonn oifigeach tiomanta tacaíochta do bheartas soláthair le hoifigigh soláthair údarás áitiúil chun tacú le leabú an chláir athchóirithe soláthair a leabú agus éascaíonn sé roinnt

an dea-chleachtas. Leanadh le ranpháirtíocht leis na hoifigigh soláthair trí chruinnithe an Fhóraim Soláthair agus an Bhoird um Chomhairle Soláthair agus trí fhaisnéis ábhartha soláthair a phostáil ar Thairseach nuashonraithe Ghréasán na nOifigeach Soláthair.

Córas Bainistíocha Sonraí Caiteachais

Cuireadh píolótú an Chórais Bainistíocha Sonraí Caiteachais i gcrích go rathúil, agus forbraíodh agus cuireadh le plean cur chun feidhme beo. Leis an gcóras sin is féidir leis na húdarás áitiúla caiteachas ina n-aonar nó le chéile caiteachas a aithint i gcoinne socruithe soláthair chun cálfocht na faisnéise ar chaiteachas atá ar fáil a fheabhsú chun bonn eolais a chur faoi riachtanais soláthair amach anseo agus chun riachtanais an chláir athchóirithe soláthair maidir le comhroinnt analíse caiteachas a chomhlíonadh.

Ranpháirtíocht FBMana

Príomhghná den chlár athchóirithe soláthair is ea tacaíochta a thabhairt don earnáil FBMana chun páirt a ghlaicadh i ndeiseanna soláthair phoiblí.

D'óstáil an LGSPC, i gcomhair le hildir-Thrádáil Éireann, Imeacht Ranpháirtíocht Soláthraithe chun deiseanna soláthair beartaithe a chur i láthair i roinnt údarás áitiúla.



8

An earnáil a Chumhachtú

Straitéis Daoine na nÚdarás Áitiúil

Chomhordaigh an fhoireann tionscnaimh maidir le Straitéis Daoine na nÚdarás Áitiúil agus thacaigh siad leo chun cleachtais éifeachtacha acmhainní daonna a éascú ar fud na hearnála i réimsí amhail straitéis AD agus forbairt beartas, ag cinntíú go gcomhlíonann siad riachtanais shonracha na n-údarás áitiúil, ag forbairt teimpléid dea-chleachtais agus ag soláthar saineolas agus comhairle AD de réir is gá.

D'éascaigh an GBRÁ sraith comhdhálacha agus ceardlann le haghaidh stiúrthóirí seirbhísí agus oifigigh AD chun cuidiú le Straitéis Daoine na nÚdarás Áitiúil a sholáthar tuilleadh.

Príomhfhocas don bhliain ba ea an earnáil a shuí mar 'rogha fostóra' le táirgeadh foirne uirlisí earcaíochta agus margáiochta agus athfhorbairt shuíomh gréasáin post an rialtais áitiúil.

Foireann uirlisí earcaíochta agus margáiochta

D'fhorbair an Grúpa Oibre um Rogha Fostóra (faoi Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Daoine) an fhoireann uirlisí earcaíochta agus margáiochta do chleachtóirí AD/Earcaíochta sa roinn i gcomhar le an Grúpa Oibre Cumarsáide an CBC agus scaipeadh í ar na príomhfheidhmeannaigh i mí an Mheithimh 2019.

Cuimsítear san fhoireann uirlisí treoir agus faisnéis maidir le:

1. Folúntais a chur chun cinn trí na meáin shóisialta
2. Lántairbhe a bhaint as suíomhanna gréasáin
3. Feachtas earcaíochta a fhobairt
4. Ábhar a bhreithniú
5. Lántairbhe a bhaint as na meáin shóisialta
6. Meastóireacht
7. Teagmháil a dhéanamh as líne

Tionóladh cruinnithe náisiúnta do stiúrthóirí seirbhísí (AD) agus oifigigh AD le linn na bliana agus tionóladh ceardlann i mí nDeireadh Fómhair do chleachtóirí earcaíochta AD chun cur chun feidhme a éascú.

Chomh maith leis an obair ar an bhfoireann uirlisí margáiochta, comhaontaíodh uasghrádú ar shuíomh gréasáin www.localgovernmentjobs.ie. Leis an suíomh gréasáin úr déanfar an earnáil a mhargú agus a chur chun cinn mar rogha fostóra agus tá sé d'aidhm leis réimse éagsúil iarratasóirí/iarrthóirí a bhaint amach. Tá sé sin mar thoradh ar obair a rinneadh go dtí seo cheana chun beartais agus nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin na hearnála a nuashonrú.

Scéimeanna printíseachta

D'oibrigh an GBRÁ leis na húdarás áitiúla ar dhá scéim printíseacht neamhthraigdisiúnta - ceann amháin i TF a sholáthair FIT (Dul isteach sa Teicneolaíocht Faisnéise go Mear) agus sholáthair Teicneoirí Cuntasáiochta na hÉireann an ceann eile do Theicneoirí Cuntasáiochta. Tionóladh seisiún faisnéise leis an dá sholáthraí i mí Mheán Fómhair agus d'fhreastail ionadaithe ó 27 údarás áitiúil air. D'oibrigh naoi n-údarás áitiúla le FIT chun 17 bprintíseach TF a ghilcadh.

Faisnéis agus comhairliúchán

Ag léiriú teorainneacha sa phróiseas reatha maidir leis na ceanglais áitiúla agus earnála a cheanglaítear faoin Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 a chomhlíonadh, chuir an GBRÁ comhaontú úr i bhfeidhm ina léirítear na nösanna imeachta, próisis agus cleachtais chun comhroinnt faisnéise agus comhairliúchán a éascú idir fostaithe agus ionadaithe fostaithe ar an leibhéal údarás áitiúil agus ar leibhéal na hearnála. D'haomh an lucht bainistíochta agus ceardchumainn laistigh den earnáil rialtais áitiúil na comhaontuithe sin.

Is é is aidhm leis an gcomhaontú creat faisnéise agus comhairliúcháin a sholáthar trína gcomhlíonfaidh na húdarás áitiúla a n-oibleagáidí faoin Acht. Leis an gComhaontú seo:

- leagtar amach na cuir chuige is gá lena chinntíú go bhfaighidh na fostaithe an fhaisnéis dá bhfuil siad i dteideal;
- leagtar amach na cuir chuige is gá chun faisnéis a sholáthar chun rannpháirtíocht na mball foirne i bpróisis um athrú a éascú;

- Leagtar amach na cuir chuige is gá chun socruithe a chur chun feidhme lena n-éascaítear faisinéis agus comhairliúchán chun feabhas a chur ar chinnteoireacht agus ar fheidhmíocht eagraíochtúil.
- Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis an gcomhthéacs inar féidir dul i mbun comhroinnt faisinéise agus comhairliúcháin laistigh den earnáil.
- Leagtar amach na nósanna imeachta a chomhlíonann an tAcht agus an Treoir maidir le faisinéis agus comhairliúchán.
- Tá feidhm aige maidir le gach fostáí de chuid na hearnála rialtais áitiúil lena mbaineann sé.
- Soláthraítear próiseas comhaontaithe chun comhairliúchán optamach a éascú agus tacú leis laistigh den earnáil, agus,
- Soláthraítear treoir le haghaidh cur chuige níos eifeachtúla maidir le faisinéis agus comhairliúchán.

Clár um Malartú Ceannairí Amach Anseo – Treoirscéim a phorbairt

Bunaíodh treoirchlár um malartú idir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla chun scileanna agus inniúlachtaí na rannpháirtithe a phorbairt.

Ba é b'aidhm leis an gclár feabhas a chur ar an tuiscint ar cheapadh beartas agus na dúshláin a thagann chun cinn ag céim an chur i bhfeidhm. Bhí an treoirscéim teoranta do bhaill foirne ag gráid HEO agus AO sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus AO agus SSO sna húdaráis áitiúla agus teoranta d'eagraíochtaí in aice láimhe amháin.

Ba iad seo a leanas na heagraíochtaí rannpháirtitheach a don mhárlartú:

1. DHPLG Theach an Chustaim agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
2. DHPLG Bhéal an Átha agus Comhairle Contae Mhaigh Eo
3. DHPLG Loch Garman agus Comhairle Contae Loch Garman

Clár Harvard

Thug an GBRÁ urraíocht do cheithre bhainisteoir údaráis áitiúla chun freastal ar chlár trí seachtaine d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha

sa Rialtas Stáit agus Áitiúil i Scoil an Rialtais JFK in Ollscoil Harvard. Ba iad na príomhfheidhmeannaigh dá gcuid a d'ainmnigh na bainisteoirí sinsearacha. Ar aon dul leis an gcur chuige a glacadh i mblianta roimhe sin sholáthair an GBRÁ seisiún faisinéise réamhchúrsa do na ceithre bhainisteoir a roghnaíodh.

Tacaíocht líonra a chur ar fáil

Cosaint Sonraí – RGCS a chur i bhfeidhm

Lean an GBRÁ le líonra Oifigeach Cosanta Sonraí (OCSanna) údaráis áitiúil a chomhordú. Bhunaigh an líonra lón beag grúpaí oibre a bhaineann le tascanna

- Treoir maidir le hAlt 40 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (i.e.) a chomhlíonadh maidir le sonraí pearsanta a eisiúint ar bhonn uirfoll ó chomhaltaí tofa thar ceann saoránach
- Comhaontuithe sonraí le comhlachtaí seachtracha

Rinneadh na doiciméad treorach maidir le déileáil leis na huiríll a fhaightear ó chomhaltaí tofa a chomhaontú agus a eisiúint chuig an earnáil

i mí na Samhna. Sholáthair an grúpa oibre a bhreithníonn comhaontuithe sonraí arna gcur isteach ag comhlachtaí seachtracha treoir agus comhairle do na OCSanna ar réimse leathan comhaontuithe.

- Scéim náisiúnta um chíram leanaí idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus údaráis áitiúla aonair
- Comhaontú compháirteach um rialú idir an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spórt agus údaráis áitiúla aonair maidir le mótaracháin
- Comhaontú maidir le comhroinnt sonraí idir DESP agus aonaid tithíochta sóisialta na n-údarás áitiúil i ndáil le sonraí um leas sóisialach
- Comhaontú maidir le comhroinnt sonraí idir an BTC agus údaráis áitiúla aonair
- Comhaontú maidir le comhroinnt sonraí idir an nGníomhaireacht Tithíochta agus údaráis áitiúla aonair
- Comhaontú leasaithe maidir le próiseáil sonraí idir 'MyPay' agus údaráis áitiúla aonair

An Líonra um Shaoráil Faisnéise (SF)

Lean an GBRÁ le treoir a chur ar fáil don líonra oifigeach um shaoráil faisnéise údarás áitiúil i ndáil le hiarratas a fuarthas lena n-áirítear:

Soláthraíodh tacaíocht agus treoir trí

- 1. Chruinnithe an Líonra um Shaoráil Faisnéise a Óstáil inar pléadh ceisteanna earnála a bhain le SF.**
- 2. Cé gur ábhar do gach údarás áitiúil iad iarratais ar SF, d'éisigh an GBRÁ treoir do na hoifigigh um shaoráil faisnéise go léir i ndáil le hiarratas a fhaigheann na húdarás áitiúla.**
- 3. Tugadh tacaíocht dhíreach d'oifigigh um shaoráil faisnéise maidir le hiarratas a fuarthas.**

Sceideal athbhreithnithe maidir le coinneáil taifead le haghaidh acmhainní daonna

Leanadh leis an athbhreithniú ar bheartas náisiúnta um choinneáil taifead an GBRÁ.

Rinneadh sceidil maidir le coinneáil, mar aon le leabhrán treorach maidir le conas na sceidil athbhreithnithe maidir le coinneáil a chur i gcrích agus scaipeadh iad ar na bainisteoirí sinsearacha sna haonaid ghnó faoi seach, do na hoifigigh SF agus don na OCSanna lena gcur i bhfeidhm.

- Soláthar**
- Tithíochta**
- Acmhainní Daonna**
- Airgeadas**



9

TCF

Seirbhísí a Soláthraíodh 2019

Leanann an GBRÁ le seirbhísí TFC a sholáthar d'údarás áitiúla agus ranna agus gníomhaireachtaí seirbhise poiblí eile. Lean an GBRÁ le tacáocht a thabhairt don Chroí-bonneagar Párola, MyPay, Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad, Rialú Tógala, CheckTheRegister.ie, Tuairisceáin RÁ, iPlan agus iHouse.



Rinneadh athbhreithniú ar TFC an GBRÁ agus d'fhaomh Bord an GBRÁ é. Cuireadh tús le linn na bliain le cur chun feidhme roinnt moltaí lena n-áirítear cobhsú na gcóras reatha, bearnaí inniúlachta a dhúnadh trí acmhainní breise a earcú agus TF Inmheánach a aistriú go seirbhís bhainistithe. Forbraíodh treochláir 18 – 24 mí le cuidiú leis an GBRÁ samhail optamach a dhearadh le haghaidh oibriúchtaí an eastáit reatha a sheachfhoinsiú, ag dul chun cinn ag an am céanna le rannpháirtíocht mhargaidh agus tairiscintí le haghaidh comhpháirtithe a sheachfhoinsiú.

Tugann foireann TFC an GBRÁ tacáocht agus cuidiú do na húdarás áitiúla ar réimse grúpaí teicniúla agus soláthar náisiúnta ceadúnaithe.

Imeacht ó ICT oibriúcháin

Lean na húdarás áitiúla lena n-iarrachtaí aistriú ón bhForaois Náisiúnta agus roinn na grúpaí a d'imigh na ceachtanna foghlama le húdarás áitiúla. Chuir an GBRÁ acmhainní seachtracha i bhfeidhm chun tacú leis an bhforaois le linn na bliana agus chun tacú le húdarás áitiúla maidir le hiarratais ábhartha a d'fhéadfadh a bheith acu agus iad ag imeacht.

Cuireadh na Gníomhaireachtaí móra a bhí á n-óstáil i dtimpeallacht óstála an GBRÁ chun tairisceana astu féin do sholáthraithe difriúla óstála. Chuir an GBRÁ eolas ar fáil chun éascaócht a dhéanamh ar a n-aistriú.

Tithíocht

Leanann Bord an Chláir Straitéisigh Tithíochta ICT lena iarrachtaí conair straitéiseach a chur ar fáil d'úsáid seirbhísí TFC san earnáil rialtais áitiúil timpeall na feidhme tithíochta. Príomhgníomhafochtaí i mbliana:

- Tionscadal náisiúnta TFC tithíochta a chur chun cinn chun cás gnó a fhorbairt chun iniúchadh a dhéanamh ar roghanna soláthair. Eisíodh larratas ar Phaisnéis (IF) chun taighde margaidh a dhéanamh sa réimse tithíochta seo agus tiomsáodh suirbhé cuimsitheach maidir le riachtanas TFC Tithíochta ar fud na hearnála.
- Rinne Grúpa Cúnaimh d'Úsáideoir 'iHouse' maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme Leagan 3.5 de 'iHouse' a fhreastalaíonn ar fhoirm iarratais ÍCT, athruithe ar cheantair bhardasacha agus feabhsuithe ar feidhmiúlacht imeachta.
- Rinneadh NOAC do 2018 agus SSHA do 2019 a chur i gcrích agus a chur ar ais ó 'iHouse' trí Thuairisceán RÁ chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Rinne Grúpa Oibre TF na gCigireachtaí Cíosa suirbhéireacht ar údarás áitiúla i mí an Mhárta 2019 chun na córais TF a úsáidtear le haghaidh cigireachtaí cíosa a shainainthint. Forbraíodh cleachtadh um dhea-chleachtas chun treoirlínte soiléire a fhorbairt d'údarás áitiúla i ndiaidh sraith ceardlann um fhionnachtain leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tá ionadaíocht ag an GBRÁ ar Bhord Maoirseachta ÍCT agus lean sé le tacáiocht a thabhairt do API ÍCT.

- Cuireadh 71,097 tionónacht ar an iomlán ar bun ó bunaíodh ÍCT.
- Dúnadh 18,568 ceann de na tionónachtait sin.
- Tá 52,529 tionónacht ghníomhach ÍCT ann.
- Tá 17,025 tionónacht curtha ar bun.

Coiste Tithíochta agus Tógála an CBCC

Thacaigh an Coiste Tithíochta agus Tógála leis na príomhréimsí tosaíochta maidir le soláthar tithíochta, easpa díidine, bainistíocht sócmhainní, cigireachtaí cíosa, agus TFC le linn na bliana. D'oibrigh an CBCC leis an Roinn maidir le feabhsú, athstruchtúrú, agus méadú na hOifige Soláthair Tithíochta a bunaíodh in 2016. Aontaíodh go mbunófáí an oifig faoi struchtúr na GBRÁ chun nuálaíocht agus feabhsú sholáthar na tithíochta sóisialta a chur chun tosaigh agus a spreagadh agus an soláthar sin a chomhordú san 31 údarás áitiúil.

Thacaigh an GBRÁ leis an gcoiste ina rannpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an gGníomhaireacht Tithíochta i réimse tionscnamh ó spriocanna na tógála, ceanglais fostóirí, léasú, soláthar Plean Gníomhaíochta Atóigil Éireann agus na spriocanna cigireachta cíosa don blhain. Bhí rannpháirtíocht shuntasach páirtithe leasmhara ann chomh maith maidir le hárachas cosanta morgáistí, Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint, cóiríocht do thaistealaithe agus lasacht Tithíochta Atóigil Éireann.

D'oibrigh an CBCC leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeascatha (RIA) maidir le samhail leithdhálte chun tacú le ENRanna, a bhfuil an cúram acu cuidiú leo siúd ar tugadh an ceart dóibh cóiríocht a fháil (ÍCT go príomha).

Cláir agus imeachtaí

D'eagraigh an GBRÁ seimineáir agus imeachtaí don earnáil rialtais áitiúil chun tacú leis na bhfeidhm tithíochta agus comhroinnt an dea-chleachtasi, mar shampla:

- Cigireachtaí Cíosa
- An Clár um Rialú Creidmheasa
- Fóram na Stiúrthóirí Seirbhíse Tithíochta
- Cruinnithe Mullaigh leis an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus cruinnithe mullaigh réigiúnacha

Bainistiú clár

Oifig na Bainistíochta Clár

Bunaíodh Bainistíocht agus Nuálaíocht Clár an Rialtais Áitiúil (Colún 4) chun soláthar titheácht agus foinsiú tionscadal a spreagadh. Le linn na bliana, rinneadh forbairt samhla um inniúlacht eagraíochtaí; dearadh agus cur chun feidhme cumais úir; agus feidhmeanna agus timthrialla bainistíochta tionscadal i gcrích.

Cuireadh tú leis an bpróiseas athshamhlaithe le hóstáil ceardlann agus grúpaí fócais chun an tsamhail OBC 'To Be' a léarscáiliú inar cuimsíodh ionchur ón ngrúpa gníomhaíochta OPS2020 chun 'bainistíocht tionscadal a leabú' san earnáil phoiblí. I ndiaidh an phróisis sin rinneadh sainmhíniú tacar scileanna ar róil an bainisteora tionscadal, na hanailísé gnó agus na tacaíochta riarrachán a thacóidh leis an bhfeidhm.

Comhaontaíodh próiseas athbhreithniú thimthriall an tionscadail, agus rinneadh na doiciméid tionscadal ar fad a athbhreithniú agus a nuashonrú. Cuireadh tú le dréachtú an lámhleabhair OBC a thacóidh le cur chun feidhme an phróisis úir.

Soláthraíonn an Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí rialachas na seirbhíse comhroinnté agus na dtionscnámh athchóirithe, grúpa a dhéanann maoirseachta ar na tionscadail a spreagadh, a mhaoírsiú agus a chothabháil.

Tá siad seo a leanas i measc na dtionscnámh athchóirithe úr a cuireadh chun cinn trí phróisis OBC le linn na bliana:

- Córás Faisnéise Bainistíochta OFÁ.
- Tairseach LocalGov.ie
- An tionscadal rPhleanála
- An Tionscadal Bailithe Sonrai.

Bóithre

MapRoad

Aip Mhóibíleach MapRoad - Rinneadh suirbhéireacht ar 31,000 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i leith rátáil baile.

MapRoad CBC - 6,500+ tionscadal oibreacha cosán - luach €330.

Córas Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad Rinneadh os cionn 30,000 iarratas ar cheadúnas oscailte bóthair

Córas Bainistíochta Cosán (CBC)

Chuir an GBRÁ forbairt uirlisí i gcrích chun sonraí meisín ar an leibhéal tionscadail maidir le bail bóithre a bhaint chomh maith leis an Modúl Droichead a eisiúint. Áiríodh leis sin feidhmchlár móibíleach don suirbhé agus cigireacht ar struchtúir droichead i gcomhréir le lámhleabhar treorach na Roinne lompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le suirbhéanna agus cigireacht ar dhoichid.

- Soláthraíodh tacaíocht leanúnach i gcomhar le seirbhís chomhroinnté na hOifige um Bainistiú Bóithre (OBB) lena n-áirítear eisiúint tacar sonraí nuashonraithe OSI Prime 2.
- Thaifead an córas rátálacha staide amhairc de os cionn 90,000 km den ghréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla.
- Rinne an Córás Bainistíochta Pábhála MapRoad staitisticí a thaifeadadh ar oibreacha cosán na n-údarás áitiúil dar luach €330m.
- Baineadh leas as an gcóras chun staitisticí a chur ar fáil do thuarascáil um Tháscairí Seirbhíse NOAC 2019 chomh maith le tuarascálacha míosúil arna riar ag an OBB.

Ceadúnú oibreacha Bóithre

Tá 30 údarás áitiúil ag bainistiú ceadúnú oscailte bóithre trí chóras Ceadúnú Oibreacha Bóithre MapRoad. Bhí 1,452 eagraíochta is iarratasóirí cláraithe leis an gcóras faoi dheireadh na bliana (méadú ó 1,120 in 2018). I measc na n-úsáideoirí bhí na príomhoibritheoirí teileachumarsáide, Uisce Éireann, Lónraí Gáis Éireann agus Lónraí BSL. D'fheidhmigh an Scéim Náisiúnta Taiscí go rathúil maidir le hiarratais úra ar cheadúnais a cuireadh isteach ag túis na bliana. Airfodh leis na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an gcóras:

- An cumas bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar líon ard ceadúnas oscailte bóithre - rinneadh breis agus 30,000 iarratas ar cheadúnas ag baint leas as an gcóras
- Bíonn aga comhláinthe na n-iarratas laistigh de 30 lá d'fhormhór (80%) na n-iarratas ar cheadúnas agus meán 17 lá ar an iomlán.
- Níos mó infheictheachta i gcéimeanna próiseála ceadúnaithe.

Forbairt Leabharlann

Forbairt Leabharlann, d'oirbhrigh an GBRÁ le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun an straitéis nua leabharlainne poiblí 2018-2022 - Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Ag Spreagadh, ag Nasadh agus ag Cumású Pobal' a chur i bhfeidhm.

Ár Leabharlanna Poiblí 2022

comhthionscnamh is ea an straitéis cúig bliana do leabharlanna poiblí, Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – ag spreagadh, ag nasadh agus ag cumású pobal de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil. In aitheantas chur chuige agus fhís nuálach na straitéise, ainmníodh í mar iomaitheoir deiridh i nGradaim na hEorpa maidir le Nuálaíocht sa Pholaitfocth 2019. Roinn baill foirne na Forbartha Leabharlann agus DRCD léargas maidir lena gcuid oibre maidir leis an straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme ag an searmanas bronnta i mBeirlín.

Ar an 1 Eanáir 2019, mar phríomhthionscnamh Ár Leabharlanna Poiblí 2022, chuir na leabharlanna poiblí eile deireadh le tállí a ghearradh. Cuireadh é sin chun feidhme faoi ghrúpa oibre de chuid na Forbartha Leabharlann, GBRA.

Tugadh struchtúir rialachais le haghaidh chur chun feidhm na straitéise i gcrích. Faoi threoir Choiste um Fhorbairt Leabharlann an GBRÁ, cuireadh trí choiste straitéise ar bun chun gníomhaíochtaí straitéise a chur chun cinn:

Ceart chun Léitheoireachta

Is é Ceart chun Léitheoireachta an clár suaitheanta leabharlainne a thacaíonn le forbairt litearthachta do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do pháistí agus soláthraíonn sé croí-sheirbhísí, acmhainní agus tionscnaimh do raon grúpaí úsáideoirí.

Ar na tionscnaimh Ceart chun Léitheoireachta atá ar fáil faoi láthair ar fud gach leabharlainne tá:

- Léim isteach san am Scéalaíochta
- Eachtra Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh
- lFéile Leabhar na bPáistí
- Am Teaghlaigh I Do Leabharlann ÁitiúilServices do scoileanna

Ba é 2019 an chéad bliain ina ndearnadh feidhmíocht an Chláir Ceart chun Léitheoireachta a mheas i gcoinne sraith spriocanna náisiúnta comhaontaithe arna bhfaomhadh ag an nGrúpa Stiúrtha um Cheart chun Léitheoireachta. Tá an clár seo ag déanamh go maith agus léirigh sé fás ar fud gach gné cláir. Tháinig méadú os cionn 10,000 rannpháirtí (fás 22%) in Summer Stars agus tháinig méadú 54% chomh maith ar rannpháirtíocht in Family Time. Baineadh méadú amach chomh maith maidir le soláthar Spring into Storytime and Children's Book Festival. Tá ardleibhéal rannpháirtíocha á mbaint amach le soláthar an chláir ar fud líonra an bhrainse, agus tionóladh ceardlanna oiliúna agus tacaíochta ag an GBRÁ le linn na bliana le cuidiú le baill foirne na tionscnaimh sin a chur chun feidhme sna húdaráis áitiúla go léir.

An Choiste	Feidhm
Coistí na gClár Straitéiseach	Maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le léitheoireacht agus litearthacht; sláinte agus folláine; gnó agus fostáfocht; agus cultúr agus pobal
An Coiste um Sholáthar Seirbhíse	Féachann sé le feabhas a chur ar eispéireas na n-úsáideoirí, acmhainní teicneolaíochta, agus uaireanta oscailte; agus úsáid leabharlann a mhéadú agus an bhallaíocht a mhéadú go 30% den daonra
An Coiste Bonneagair	Díríonn sé ar an gCóras Bainistíochta Leabharlann, an tseirbhís náisiúnta um dháileadh, forbairt, agus soláthar acmhainní ar líne

Cúrsaí Oibre

Seachadtar an tseirbhís Cúrsaí Oibre trí gach seirbhís leabharlainne poiblí chun tacú le gnó agus fostáiocht i bpobail áitiúla. Tugtar tacaíocht d'úsáideoirí leabharlainne maidir le haistriú chuig poist agus gairmeacha beatha, lorg oibre, bheith ina bhfiontair agus tabhairt faoina bhfoghlaim agus faoina bhforbairt féin.

Áirítear ar an tseirbhís Cúrsaí Oibre

- Stoc leabhar
- r-Leabhair
- r-Chlosleabhair
- r-Irisleabhair
- Cúrsaí ar líne chun tacú le gnó agus fostáiocht
- Acmhainní taighde
- Apásanna oibre agus cruinnithe

In 2019 rinneadh meastóireacht ar an gclár chun leibhéal chur chun feidhme na seirbhíse Cúrsaí Oibre in údaráis leabharlainne a fháil amach. Léiríodh le freagairtí leibhéal maith glactha agus diograise do Cúrsaí Oibre,, agus an dul chun cinn a bhí déanta i gcomhar sholáthar ghnéithe an chláir sna húdaráis áitiúla. Chun bearnaí amuigh sa soláthar seirbhíse a dhúnadh tionóladh ceardlann oiliúna agus tacaíochta do chomhordaitheoirí Cúrsaí Oibre ag an GBRÁ i mí na Nollag.

Éire Shláintiúil

Céim 1

Tá sé mar aidhm ag an gclár Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann leabharlanna a bhunú mar na háiteanna i bpobail ina bhfuil fainseis sláinte ar fáil. Leis an tseirbhís spreagadh daoine le bheith ag 'Ithe go Maith, Ag Smaoineamh go Maith, agus Bheith Sláintiúil' trú leabhair, fainseis agus acmhainní ar líne maidir leis an tsláinte agus leis an bhfolláine a chur ar fáil, agus sin comhlánaithe ag imeachtaí agus gníomhaíochtaí i ngach leabharlann phoiblí áitiúil.

Céim 2

Rinneadh meastóireacht ar an gclár agus pléadh é ag Ceardlann Comhordaitheora Éire Shláintiúil a tionóladh ag an GBRÁ. Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach agus thuairiscigh údaráis áitiúla go bhfuil éileamh láidir ar an gclár agus go bhfuil suim ag daoine ann. A bhúi le ceangaltais buiséid fadtéarmach ón Roinn Sláinte agus ón Roinn Tuaithé agus Forbartha Pobail, cruthaíonn caidreamh ina lán pobail áitiúla. Is é an toradh go ndearnadh tuiscint níos mó ar ról na leabharlainne maidir le fainseis faoin tsláinte a forbairt sa phobal. Thacaigh na forbairtí dearfacha le níos mó infheictheachta agus ranpháirtíochta maidir leis an gclár le linn Chéim 2 - Eagraíodh 921imeacht ar fud na seirbhíse leabharlainne,

Céim 3

Is ionann Céim 3 agus céim dhá bhliain, a bheidh ag reáchtáil ó lúil 2019 agus baineann sé le tuilleadh forbartha ar an leabhar agus ar bhailiúcháin acmhainní ar líne, soláthar breise clár cuimsitheach imeachtaí ar fud na tíre.



Tionscadail a Maoiníodh

Fuair leabharlanna maoiniú ó DRCD le linn na bliana chun tionscadail nuálacha a fhobairt agus na leabharlanna Mo Leabharlanna Oscailte a mhéadú ó naoi gcinn go cúig cinn déag ar an iomlán. Cuireadh Maoiniú Cuntas Díomhaoin ar fáil chun tacú le 81 tionscadal a dhírigh ar phobail faoi mhíbhuntáiste le linn na bliana inar díródh ar réimse ollmhór ábhar idir oiliúint géineolaíochta taistealaithe agus ceardlanna podchraolta le déagóirí LGBTI+.

Leabharlanna san Eoraip

Chomhóstáil Forbairt Leabharlann comhdhálacha náisiúnta Bhiúró Eorpach na gCumann Leabharlainne, Faisnéise agus Doiciméadachta (BECLFD) agus Fóram na nÚdarás Náisiúnta ar Leabharlanna san Eoraip (Fóram NAPLE) ag Coláiste Ríoga na Lianna i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail os cionn 100 toscaire ó gach cearn den Eoraip ar an dá chruinniú chun éisteacht le cainteoirí ag déanamh plé ar thodhchaí na leabharlann poiblí agus nuálaíocht a rinneadh le déanaí san earnáil. Thug toscaireacht 20 leabharlannaí ón Eastóin cuairt ar an GBRÁ chun eolas a fháil faoi straitéis agus forbairtí Mo Leabharlanna Poiblí 2022 i leabharlanna poiblí in Éirinn. Lean Forbairt Leabharlann lena chomhoibriú leis an gCoimisiún Eorpach trí na buaiteoirí réigiúnacha chomórtas Ardán Cainte Ionaid Faisnéise Direct Europe dá cuid a thabhairt le chéile don bhabhta ceannais i mBaile Átha Cliath.

Ghlac seacht gcainteoir déag páirt i gcatagóirí na bpáistí agus na ndaoine fásta, ag plé an téamaí 'Ní Bhaineann an tAthrú Aeráide Liomsa'.

r-Phleanáil

Cuireadh obair i gcrích ar an aistriú chuig Sugar CRM a bheidh mar an comhéadan idir córais na tairsí agus na pleanála chúil i ngach údarás áitiúil.

Cruthaíodh foirm iarratais athbhreithnithe ar líne bunaithe ar 'Phobal, Áit, Moladh, agus Íocaíocht' chun teacht níos fearr le riachtanais úsáideoirí.

Comhaontaíodh imlíné na Straitéise Cumarsáide agus bunaíodh gréasán pointí aonair teaghmála laistigh de gach údarás áitiúil.

Cuireadh taispeántais na Tairsí i láthair Stiúrthóirí Pleanála agus Ceannairí TF. Reáchtáladh clár de sheisiúin ardaithe feasachta le haghaidh comhairleoirí freisin tríd an AILG.

Tugadh faoi chleachtadh chun an caighdeán scanta ar fud na n-údarás áitiúil a mheas. Tá na catagóirí caighdeánacha doiciméid curtha i bhfeidhmanois chuig formhór na suíomhanna ar fud na tíre.

Leag an Bord Tionscadail r-Phleanála béim ar an ngá le creat reachtúil tacaíochta lena n-áirítear rialacháin nua chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil,

Bainistíocht Fiachais

Bhí an Bille Rialtais Áitiúil (Rátaí) 2018 mar thoradh ar chomhoibriú idir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Cleachtóirí Rátaí Rialtais Áitiúil, arna éascú agus arna bhainistiú ag an an GBRÁ. Tá sé d'aidhm leis an mBille a tháinig dá bharr go leor de na soláthairtí éagsúla a bhaineann le rátaí tráchtála a dhaingniú agus roinnt de na modhanna billeála a nuachóiriú agus rátaí a bhailíú.

D'oibrigh an GBRÁ leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdarás Áitiúla chun reachtaíocht a sheachadadh agus chun na córais agus na cleachtais oibre riachtanacha a chur i bhfeidhm d'fheann an reachtaíocht úr a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Déanann an GBRÁ monatóireacht ar rátaí bailiúcháin. Déantar analís ar thorthaí d'fheann dul i bhfeidhm go dearfach ar bhailiúcháin san am atá le teacht.

10

Ár n-imeachtaí – ag tabhairt daoine le chéile le tabhairt faoi líonrú agus faoi fhoghlaim

Comhdháil AD 2019

Cur síos

Tionóladh an 21ú Comhdháil Náisiúnta AD i gCathair Phort Láirge leis an téama HR -*Ag glacadh le bealaí úra le hoibriú*.

D'fhreastail 110 toscaire ar an gcomhdháil lena n-áirítear ionadaithe ó roinnt comhlachtaí seachtracha. Ba í sin an Chomhdháil AD ba mhó a tionóladh go dtí seo agus bhí an t-aiseolas andearfach.

C – D Jonathan Healy,
Maggie O'Brien, Louise Bunyan,
Peter Cosgrove, Paul Dunne



Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí inti

Cineál Athraitheach na hOibre agus an Lucht Oibre

Ceardlann Ceannaireachta Buaicfheidhmíocha

Folláine ag an Obair, Cás-Staidéar

Folláine agus Athléimneacht le haghaidh AD Gairmiúil

Nuashonrú ar an Dlí um Fhostaíocht agus cur i bhfeidhm an phróisisis araónachta

An Bille um Phaisnéis maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2019/Comhionannas/Cuimsiú

Treoir Céim ar Chéim Maidir le Folláine san Áit Oibre

Margaíocht Earcaíochta agus Próifílíú LinkedIn

Cur Chuige Nuálach maidir le hEarcaíocht san Earnáil

Poiblí Irisleabhar Anailísíocha Ár n Daoine

Comhdháil Sláinte agus Sábháilteachta

Cur síos

Tionóladh an Chomhdháil Bhliantúil Sláinte agus Sábháilteachta i Luimneach. Ba é téama chomhdháil na bliana seo Ag Obair i dTreo Todhchaí Inbhuanaithe sa tSábháilteachta, sa tSláinte agus san Fholláine. Sa chomhdháil soláthraíodh dá nuashonrú reachtacha tábhachtacha, seisiúin faisnéise theicniúla maidir le treoirlínte úra do thoscairí agus rinneadh iniúchadh ar chúrsaí a bhaineann le sláinte agus folláine na bhfostaithe



Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí inti

Aitheasc ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le Straitéis úr an Údarás 2019-2021

Nuashonrú ar an gCód Cleachtais úr maidir le Tumadóireacht Intíre agus Chladaigh agus Bainistíocht Fánán

Nuashonrú ar an Lámhleabhar maidir le Comharthaí Tráchta a foilsíodh le déanaí

Seisiún faisnéise maidir leis an gCód Cleachtais úr maidir le Contúirt ó Línte Leictreachais Lasairde a Sheachaint

Príomhchúrsaí Sláinte & Sábháilteachta maidir le Bainistíocht Imeachtaí

Sláinte Cheirde

Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla

Comhdháil Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce

Cur síos

Ba é an téama don imeacht Comhrá Laethúil is ea an tSábháilteachta agus díriodh ann ar an tábhacht a bhaineann le ról na mbainisteoirí sinsearacha maidir le tionchar a imirt ar an gcultúr sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm ar fud an tionscail uisce. Imeacht idirghníomhach a bhí sa Chomhdháil imeacht idirghníomhach le meascán stíleanna comhdhála agus ceardlainne.

Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí inti

Ceannairachta

Sábháiltecht

Meabhairshláinte

Folláine

Seoladh Ghradaim úra na Comhdhála Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce



C-D Michael O'Leary, Uisce Éireann, Eddie Ronayne, Comhairle Contae Chorcaí, Eamonn O Sullivan, Príomhfeidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin, Alan Quinlan, Cainteoir, Neil Lenehan, Uisce Éireann, Jenny Lally, GBRÁ.

Comhdháil Turasóireachta

Cur síos

Roinneadh dea-chleachtas agus saineolas sa chomhdháil ó laistigh agus lasmuigh den earnáil araon. Léiríodh an ról éagsúil atá ag na húdaráis áitiúla i bhforbairt turasóireachta i dtéamaí na comhdhála.

Bhí imeacht comhoibríoch ann idir earnáil na n-údarás áitiúil, Fáilte Éireann, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus gníomhaireachtaí Rialtais eile.

Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí inti


Radharc a Shuíomh

Nithe Díol is Spéise

Comhoibriú agus Imeachtaí Dea-chleachtais Pobal

Foirne Údaráis Áitiúil a Fhorbairt

Glasbhealaí



(D-C): Maria Melia, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Ann Doherty, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Chorcaí; Paul Kelly, POF Fáilte Éireann; Jackie Maguire, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí; agus, Shane Clarke, Turasóireachta Éireann.

Seimineár na nÚdarás Áitiúil maidir le Rochtain, Comhionannas agus Ionchuimsiú Shóisialta

Cur síos

D'óstáil an GBRÁ seimineár d'oifigigh um rochtain, comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta. D'fhreastail oifigigh AD, oifigigh chomhionannais, oifigigh rochtana, oifigigh um ionchuimsiú agus seirbhísí corporáideacha ar an Seimineár.

Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí inti

Ionaid Feistithe Éireann: Áiseanna Feistis Aosach Cuidithe

Gairm ar Bheart maidir le Míchumas: Cónaидhm na hÉireann um Míchumas

An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch An tÚdarás Náisiúnta Míchumais – Foireann Uirlisí um Rannpháirtíocht Custaiméirí san Earnáil Phoibl: An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Comhairliúchán chun Éagsúlacht, Comhionannas san ionad Oibre agus inár bPobal a chinntí: Aoisbhá Éireann, Comhairle Contae na Mí

Mhíchumas agus Dualgas na hEarnála Poibl: Cónaídhm na hÉireann um Míchumas

Dualgas na hEarnála Poibl: IHREC - Coimisiún um Chearta an Duine agus um Chomhionannas na hÉireann

Láithreán Phíolóta Dhualgas na hEarnála Poibl – Cás-Staidéar: Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Mhuineacháin



(D-C): Jack Keyes, POF agus Comhairleoir ar scoir, CC an Chabháin; M. O'Brien, Oifigeach Oiliúna, GBRÁ, an Dr G. Craddock, Príomhoifigeach, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, M. Pyne, Ceann AD, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, B. Bradley, Oifigeach um Rochtain & Ionchuimsiú Sóisialta, CC Mhuineacháin

Comhdháil Bhliantúil um Sholáthar

Cur síos

Sa Chomhdháil Bhliantúil um Sholáthar díríodh ar sholáthar poiblí a thacaíonn leis an gclár um sholáthar poiblí agus d'fhreastail níos mó ná 100 toscaire uirthi. Ba é an tAire Patrick O'Donovan an príomhchainteoir.

Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí inti

Creat Bainistíochta Oibreacha Caipítil

Ceanglais Fostóirí maidir le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Seirbhísí Comhtháite Foirne Deartha chun tacú leis an Straitéis Tithíochta Sóisialta

Cásdlí Bainistíochta

Conarthaí

Tairiscintí Mínormálta Íseal

Breithnithe Sóisialta

Tionscnamh Ghlasa an Rialtais



(D-C): Sonraí an ghrianghrafadóra: Anna Marie Delaney, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhaillí, an tAire Patrick O'Donovan, Moira Murrell, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chiarraí, Geraldine Dunne, GBRÁ agus Paul Dunne, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GBRÁ

Gluais

CIR	An Coiste Iniuichóireachta agus Riosca
ASP	Plean Seirbhise Bliantúil
BCA	An túdarás um Rialú Tógála
BCMS	Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála
CARO	Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide
CBCC	An Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
CSSC	Fochoiste Cibearshlándála
CRU	An Coimisiún um Rialáil Fóntas
CSSC	Fochoiste Cibearshlándála
DCCAE	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithé ar son na hAeráide agus Comhshaoil
DCU	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
DEASP	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta
DHPLG	An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
DRCD	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
FMS	Córas Bainistíochta Airgeadais
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonrái
GPP	Soláthar Poiblí Glas
CA	Ceann Airgeadais
HPSS	Acmhainní Daonna, Párola, Aoisliúntas agus Seirbhísí Comhroinnte
AD	Acmhainní Daonna
ÍCT	Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta
IHREC	Coimisiún um Chearta an Duine agus um Chomhionannas na hÉireann
InfoSec	Faisnéis Slándála
IPA	An Foras Riarracháin
IPB	Comhlacthaí Poiblí Éireannacha
IR	Caidreamh Tionsclaíoch
UÉ	Uisce Éireann

IWCG	Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann
ÚÁ	Údarás Áitiúil
LASOG	Grúpa Oifigeach Sábháilteachta Údarás Áitiúil
OFÁ	Oifig Fiontair Áitiúil
RÁ	Rialtais Áitiúil
LGSPC	Ionad Soláthair Straitéisigh Rialtais Áitiúil (LGSPC)
MFA	Fíordheimhniú Ilfhachtóirí
MRL	Ceadúnú Oibreacha Bóithre MapRoad
NBCMP	Bainistíocht Náisiúnta um Rialú Foirgníochta
NDFEM	An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí
NOAC	An Coimisiúnú Náisiúnta Maoirseachta agus Iniuichóireachta
NPPR	Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha
NSC	An Coiste um Chaighdeán Náisiúnta
OSR	An Oifig um Sholáthar Rialtais
OCCIO	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
OSI	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
PID	Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail
PLR	Luach Saothair ó lasachaí leis an bPobal
PMDS	Forbairt Bainistíochta Feidhmíochta
OBC	An Oifig Bainistíochta Clár
PMS	Córas Bainistíochta Cosán
PSROG	Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireannSICAP
SICAP	An Clár um Chuimsíú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
CS	Comhaontú Seirbhise
FBM	Fiontar Beag, Meánmhéide
SMS	Córas Bainistíochta Sábháilteachta
WIOF	Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce
WRC	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
WSTO	Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce

Aguisín 1

Scéim maidir le Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal

An tAonú Tuarascáil
Bhliantúil Déag

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019



Clár na nÁbhar

1.	Réamhrá	49
1.1	An Bonn Reachtach	49
1.2	Ionstraim Reachtúla	49
1.3	Bainistiú na Scéime PLR	49
2.	An Próiseas PLR	49
3.	Bailiúchán Sonraí lasachtaí	49
4.	Cláir Údar	49
5.	Íocaíochtaí PLR 2019	49
6.	British Library, Public Lending Right UK	49
7.	Cumarsáid agus Poiblíocht	49
8.	Airgeadas	49
9.	Buíochas	49
10.	Aguisíní	50
10.1	Achoimre Íocaíochtaí	50
10.2	Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochta	50
10.3	Íocaíocht Tíre Cónaithe	50
10.4	Raon méideanna íocaíochtaí	51

1. Réamhrá

1.1 An Bonn Reachtach

Is éard is Ceart lasachtaithe Phoiblí ceart eisiach an údair a leabhar a thabhairt ar iasacht, agus tugadh isteach i ndlí na hÉireann é mar An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007. Leis an Acht cuireadh an reachtaíocht Éireannach i gcomhréir leis an dlí Eorpach.¹ Sonraítear san Acht go bhfuil feidhm ag an gceart chun saothar a thabhairt ar iasacht mura bhfuil scéim um luach saothair i bhfeidhm agus á sholáthar do bhunú scéim um luach saothair ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

1.2 Ionstraim Reachtúla

Eisfodh na rialachán lena mbunaítear an scéim na Rialacháin 2008 fán Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Scéim um Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal) ar an 31 Nollaig 2008.² (I.R. Uimh. 597 de 2008). Faoi Scéim um Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal, déantar íocaíocht le húdair, maisitheoirí etc a bhfaightear a leabhair ar iasacht ó leabharlanna poiblí. Rinneadh an Rialacháin fán Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (An Scéim um Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal) (Leasú), 2013 I.R. Uimh. 221 de 2013 a shíniú ar an 20 Meitheamh 2013.³

1.3 Bainistiú na Scéime PLR

Faoi na rialacháin ainmníodh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Bainistíocha Rialtais Áitiúil mar chláraitheoir an Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal. Bainistíonn Forbairt Leabharlann an scéim PLR atá á maoiniú ag an Róinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

D'fhorbair an Oifig PLR i gcomhar leis The British Library, Public Lending Right UK córais chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar a bhfuil clárú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus seirbhísí gaolmhara PLR d'údair mar thoradh orthu.

2. An Próiseas PLR

Faoi PLR, déanfar íocaíocht le húdair chláraithe, saoránaigh nó cónaitheoirí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA), i dtaca le leabhair a cláraíodh leis an PLR agus a bhí á dtabhairt ar iasacht d'údarás leabharlann poiblí.

Is gó d'údair clárú leis an Oifig PLR, agus sonraí na leabhar ar mian leo luach saothair a éileamh orthu a thabhairt.

Soláthraíonn údarás leabharlann poiblí sonraí a n-iasachtaí, lena n-áirítear an líon uaireanta a n-eisítear gach leabhar ina gcnuasach i gcaitheamh na bliana don Oifig PLR.

Ag deireadh na tréimhse PLR, déantar sonraí na n-iasachtaí ó gach údarás a phéireáil le sonraí an údair/teidil agus liosta údar ar tugadh a leabhair ar iasach, agus an líon eagrán de gach ceann a sholáthraítear. Áirítear an méid atá gach údar i dteideal a fháil agus foctar iad.

3. Bailiúchán Sonraí lasachtaí

Suiteáiltear modhl iasachtaí PLR ar chóras bainistíocha na leabharlainne agus tugann na sonraí a eisítear gach leabhar le linn tréimhse shonrach agus cuirtear é sin ar aghaidh chuig an Oifig PLR go huathoibríoch.

1 Treoir 2006/115/CE, IO L 376, 27.12.2006, lch. 28–35.

2 I.R Uimh 597 de 2008.

3 I.R Uimh 221 de 2013.

4. Cláir Údar

Cláraíodh 25,567 údar an gcóras PLR ag deireadh bhliain PLR 2019.

5. Íocaíochtaí PLR 2019

Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €200,000 i gcomhair íocaíochtaí leis na húdair ar tugadh a saothair ar iasachta do phobal na hÉireann.

Déantar na híocaíochtaí go bliantúil agus bunaítear iad ar iasachtaí ón mbliain féilire roimhe sin. Bhí údair i dteideal íocaíochta dá mbainfeadh a dtuilleamh PLR íosmhéid €2 amach, agus bhí íocaíocht uasta de €1,000 do na húdair ba mhinice a bhfuarthas a leabhair ar iasachta. Áiríodh an Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL) ag 4.12 cent. Bunaíodh áireamh íocaíochta PLR 2019 ar 5,075,873 iasacht incháilithe ar fad.

Cháiligh 6,118 údar ó 24 thír le haghaidh íocaíochta in 2019, agus fuair 9 n-údar an íocaíocht uasta.

6. British Library, Public Lending Right UK

Aistríodh an Fhreagracht um PLR na Ríochta Aontaithe chuig The British Library i nDeireadh Fómhair 2013. Phléigh foireann PLR na Breataine agus na hÉireann comhchuir chuige maidir le húsáid acmhainní a uasmhéadú agus seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'údair.

Is mór ag an Oifig PLR an cúnamh mór a thug an foireann PLR maidir le tacú leis an gcóras PLR.

7. Cumarsáid agus Poiblíocht

Caomhnaíonn an Oifig PLR an láithreán gréasáin www.plr.ie. Éascaítear leis an mbailiúchán sonraí iasachtaí ó gach údarás leabharlainne anailís ar iasachtaí leabharlann poiblí ar bhonn náisiúnta. Cuireann an Oifig PLR eolas ar iasachtaí leabharlann poiblí ar fáil do na meáin chumarsáide ar iarratas.

8. Airgeadas

Maoíníonn an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail an Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal go díreach agus ní ghearrtar na costais ar na húdaráis áitiúla.

9. Buíochas

Ba mhaith leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, leis an Aire Stáit, lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach; le húdaráis leabharlann poiblí dá gcomhoibriú i bhfeidhmiú leanúnach na scéime PLR, le foireann PLR in The British Library dá gcomhairle, dá dtacaíocht agus dá gcúnamh.

Cláraitheoir PLR

Paul Dunne

Dáta

8th May 2020

10. Agusíní

